An cur chuige cumarsáideach

Cur chuige uileghabhálach i leith múineadh teangacha is ea an cur chuige cumarsáideach; bunaítear é ar riachtanais an fhoghlaimeora agus cuirtear béim ann ar chumarsáid agus ar staideanna fírinneacha. Ní modheolaíocht teagaisc ar leith é ach cur chuige ina n-úsáideann an múinteoir modhanna, straitéisí agus gníomhaíochtaí éagsúla ar aon dul leis an iliomad bealaí ina bhfoghlaimíonn daoine.

Trí thréimhse atá i gceacht sa chur chuige cumarsáideach:

An tréimhse réamhchumarsáideach

- Inspreagadh: réitiú an ardáin
- Múin nó téigh siar ar fhoclóir agus ar struchtúir a bheidh riachtanach don tasc
- Cleacht an teanga ar shlí struchtúrtha

An tréimhse chumarsáideach

- Úsáideann foghlaimeoirí an teanga chun tasc cumarsáideach a chur i gcrích
- Is féidir gach ceann de na ceithre scil a chomhtháthú agus a úsáid chun cumarsáide

An tréimhse iarchumarsáideach

- Machnamh agus anailís ar an tasc
- Dírigh ar dheacrachtaí agus ar bhotúin choitianta. Nótáil nathanna a le múineadh amach anseo agus ionchur breise teanga a theastaíonn
- Úsáid an teanga chéanna i gcomhthéacs eile chun aistriú scileanna a chur chun cinn
- Feasacht ar theanga agus straitéisí foghlama teanga

Samplaí de ghníomhaíochtaí i ngach tréimhse

1. An tréimhse réamhchumarsáideach
Cluichí struchtúrtha, amhráin, spléach-chártaí, druileanna, scéalta, clos-ábhair, ransú smaointe

2. An tréimhse chumarsáideachach
Obair bheirte, obair ghrúpa, obair aonair, fadhbréiteach, cur ceisteanna, cumadh scéalta agus á n-insint nó á scríobh, éisteacht nó léamh chun eolas a fháil, ról-ghlacadh, malartú eolais, éisteacht agus freagairt, leanúint treoracha, idirghníomhaíocht shóisialta

3. An tréimhse iarchumarsáideach
Plé, gníomhaíochtaí braite teanga, gníomhaíochtaí gramadaí, amhráin, scéalta, dánta

Leideanna

☑ Tá tábhacht le gach tréimhse, ach ní thógfaidh siad ar fad an méid céanna ama. Uaireanta caithfidh tú formhór an ama ag múineadh nathanna agus stór focal a úsáidfear sa chéad cheacht eile. I gceachtanna eile déanfaidh na páistí tasc a thógfaidh formhór an ama, agus uaireanta eile arís díreoidh tú ar struchtúir a anailísiú agus ar straitéisí foghlama teanga.

☑ Bí cinnte go mbíonn a ndóthain ama ag na páistí chun an tasc a chríochnú. Cuireann sé le hinspreagadh nuair a éiríonn leo.

☑ Le linn na tréimhse cumarsáidí, éascaitheoir a bheidh ionatsa. Siúl timpeall an ranga, féach agus éist, cabhraigh nuair is gá. Tabhair aird ar dhul chun cinn agus ar dheacrachtaí nár mhór díriú orthu sa tríú tréimhse.

☑ Bí ag smaoineamh ar a bhfuil romhat. Múin na leaganacha a bheidh de dhíth ar na daltaí chun an tasc a chríochnú. Ach ní bheidh ar do chumas gach rud a thuar - sin ról an éascaitheora.

☑ Idirdhealaigh de réir cumais agus stíl foghlama. Ná bí ag súil go gcríochnóidh gach páiste an tasc céanna.

☑ Cuid den chur chuige cumarsáideach is ea ceartú botún agus múineadh na gramadaí. Bíonn stór focal agus eolas mar gheall ar conas abairtí a chur le chéile ag teastáil chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

☑ Tá dul siar agus athúsáid leaganacha ríthábhachtach. Múin an struchtúr céanna arís agus arís eile, ach i gcomhthéacsanna nua agus ar shlite difriúla, ionas go sealbhóidh na daltaí i gceart é.

Príomhghnéithe an chuir chuige chumarsáidigh

☑ Dírigh ar riachtanais chumarsáide a chomhlíonadh, m.sh. *eolas a lorg agus a sholáthar, tuairim a nochtadh agus cur síos a dhéanamh ar rud.* **Feidhmeanna teanga** a thugtar orthu seo.

☑ Bíonn ábhar cainte de dhíth chun dul i mbun cumarsáide, mar sin bíodh na ceachtanna bunaithe ar **thopaicí** nó ar **théamaí**.

☑ Agus tú i mbun **pleanála**, smaoinigh ar an téama *agus* ar na feidhmeanna teanga.

☑ Tosaigh leis na **nithe is inspéise** leis na daltaí agus le feidhmeanna praiticiúla a bheidh úsáideach dóibh ... a phléann le rudaí a dteastóidh uathu a rá, a chloisteáil, nó léamh nó scríobh mar gheall orthu.

☑ Tá sé tábhachtach go mbeadh foghlaimeoirí **rannpháirteach**. Smaoinigh ar **rogha** a thabhairt do na páistí faoin gcéad rud eile ar mhaith leo a fhoghlaim.

☑ Bíodh **dul chun cinn** i gceist sna feidhmeanna teanga. *M.*sh. *maidir leis an téama 'Mé féin' cuirfidh naíonáin spéis in a bheith ag labhairt fúthu féin. Seans gur mhaith leo a bheith in ann a n-ainm féin a rá agus codanna den chorp. Seans gur spéis le rang a sé labhairt mar gheall ar a bpearsantachtaí agus a dtréithe féin – i bhfianaise chomharthaí na sóidiace, b'fhéidir. Agus seans go dtaitneodh sé le scoláirí iar-bhunscoile labhairt mar gheall ar mhothúcháin agus ar chaidreamh. D'fhéadfá úsáid a bhaint as liricí amhrán a d'fhéadfaí a íoslódáil ón idirlíon chuige sin.*

☑ Bíodh **cuspóir teanga** ar leith mar sprioc agat i gcónaí, m.sh. *bheith in ann rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo a rá, treoracha a leanúint.*

☑ Sa saol iarbhír bainimid úsáid as scileanna éisteachta, cainte, léitheoireachta agus scríbhneoireachta ar shlí **chomhtháite**. Déan iarracht aithris a dhéanamh air sin sna ceachtanna, agus na scileanna a mhúineadh ar shlí chomhtháite.

☑ Feicfidh tú go dtaitneoidh an cur chuige seo le foghlaimeoirí mar go mbaineann siad rud éigin intomhasta amach, ar féidir leo úsáid ghníomhach a bhaint as.

☑ Múin an **gramadach i gcomhthéacs**. Bain úsáid as gníomhaíochtaí gramadaí chun botúin choitianta a cheartú. Tabhair deis don fhoghlaimeoir rialacha a oibriú amach, agus úsáid a bhaint as na struchtúir i ngníomhaíochtaí breise.

Naisc leis an gCuraclam

Tá na curaclaim agus na siollabais seo a leanas bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach

Bunscoileanna

- Curaclam na Gaeilge
- Nuatheangacha: Dréachtchuraclam agus Treoirlínte do Mhúinteoirí
- Nuatheangacha i mBunscoileanna: Dréacht-churaclam agus Treoirlínte
- An Béarla mar Theanga Bhreise: Treoirlínte do Mhúinteoirí

Iar-bhunscoileanna

- Siollabas an Teastais Shóisearaigh sa Ghaeilge, san Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus sa Spáinnis.
- Siollabais na sraithe sinsearaí sa Ghaeilge, san Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus sa Spáinnis

Ceithre scil chomhtháite



Feasacht ar theangacha:

foghlaimeoirí a chur ag machnamh ar an tslí a bhfoghlaimítear teanga, ar chosúlachtaí agus ar éagsúlachtaí idir teangacha atá ar eolas acu agus teangacha nach bhfuil, agus ar choinbhinsiúin teangacha.

Eolas agus ábhar léitheoireachta eile

Cuid de shraith acmhainní ar líne an leathanach eolais seo, a ceapadh trí obair Líonra Bunscoileanna an CNCM. Achoimre is ea é ar na príomhphointí maidir leis an gcur chuige cumarsáideach a luadh i bpodchraoladh, ar féidir éisteacht leis ag **www.ncca.ie/ga/Podchraoltai**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi Líonra na mBunscileanna ar **www.ncca.ie/forualachcuraclaim**.